2026/960

21.5.2026

# CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 7/2026

## an 6 Feabhra 2026

## lena leasaítear Iarscríbhinn I (Cúrsaí tréidliachta agus fíteashláintíochta) a ghabhann le Comhaontú LEE [2026/960]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1787 ón gCoimisiún an 8 Meán Fómhair 2025 maidir le húdarú L-argainín arna tháirgeadh le *Corynebacterium glutamicum* KCCM 80387 mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1784 ón gCoimisiún an 9 Meán Fómhair 2025 maidir le capsaicin a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch ([2]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1795 ón gCoimisiún an 9 Meán Fómhair 2025 maidir le húdarú ribeaflaivine (vitimín $B_2$) arna táirgeadh le *Bacillus subtilis* CGMCC 7.449 agus údarú ullmhóide arb é atá inti ribeaflaivin arna táirgeadh le *Bacillus subtilis* CGMCC 7.449, mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch ([3]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Is le reachtaíocht maidir le hábhair bheatha a bhaineann an Cinneadh seo. An reachtaíocht a bhaineann le hábhair bheatha, ní bheidh feidhm aici maidir le Lichtinstéin fad a bheidh cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta leathnaithe chun Lichtinstéin a chumhdach, mar a shonraítear sna hoiriúnuithe earnála ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE. Dá bhrí sin, níl feidhm le bheith ag an gCinneadh seo maidir le Lichtinstéin.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

### *Airteagal 1*

Cuirtear na pointí seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 679 (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1782 ón gCoimisiún) de Chaibidil II d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE:

'680. **32025 R 1787**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1787 ón gCoimisiún an 8 Meán Fómhair 2025 maidir le húdarú L-argainín arna tháirgeadh le *Corynebacterium glutamicum* KCCM 80387 mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch (IO L, 2025/1787, 9.9.2025).

681. **32025 R 1784**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1784 ón gCoimisiún an 9 Meán Fómhair 2025 maidir le capsaicin a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch (IO L, 2025/1784, 10.9.2025).

682. **32025 R 1795**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1795 ón gCoimisiún an 9 Meán Fómhair 2025 maidir le húdarú ribeaflaivine (vitimín $B_2$) arna táirgeadh le *Bacillus subtilis* CGMCC 7.449 agus údarú ullmhóide arb é atá inti ribeaflaivin arna táirgeadh le *Bacillus subtilis* CGMCC 7.449, mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch (IO L, 2025/1795, 10.9.2025).'

### *Airteagal 2*

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1787, (AE) 2025/1784 agus (AE) 2025/1795 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L, 2025/1787, 9.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1787/oj.
([2]) IO L, 2025/1784, 10.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1784/oj.
([3]) IO L, 2025/1795, 10.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1795/oj.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 7 Feabhra 2026, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile dá bhforáiltear faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Feabhra 2026.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*
*An tUachtarán*
Nicolas VON LINGEN

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.